2026/2386

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2386 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2110 ([1]), lenar bunaíodh Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA), agus sainordú tosaigh aige go dtí an 8 Lúnasa 2022.

(2) An 24 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1858 ([2]), lenar cuireadh síneadh 3 mhí, go dtí an 7 Samhain 2026, le EUAM RCA chun go bhféadfar an t-athbhreithniú straitéiseach iomlánaíoch ar EUAM RCA agus ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a thabhairt chun críche, a bunaíodh de bhun Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle ([3]).

(3) Faoi chuimsiú an athbhreithnithe straitéisigh iomlánaíoch ar EUAM RCA agus ar EUTM RCA, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh a chur le sainordú an dá mhisean go dtí an 31 Lúnasa 2028 chun aistriú ar bhealach ordúil chuig ionstraimí eile de chuid an Aontais chun rannpháirtíocht an Aontais le Poblacht na hAfraice Láir a athmhúnlú, ón 1 Meán Fómhair 2028 ar aghaidh. Chuige sin, tíolacfar straitéis aistrithe tráth nach déanaí ná mí Iúil 2027 ar bhonn creat polaitiúil maidir le bainistiú géarchéime le haghaidh Phoblacht na hAfraice Láir a bheidh le seoladh agus le tíolacadh go luath in 2027.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/2110 a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUAM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad,

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2110/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/1858 ón gComhairle an 24 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L, 2026/1858, 27.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1858/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2 Chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach agus chun aistriú ordúil chuig ionstraimí eile de chuid an Aontais a áirithiú, oibreoidh EUAM RCA i gcomhréir leis an gCoincheap Bainistithe Géarchéime a d’fhormheas an Chomhairle an 21 Samhain 2019 agus le doiciméid pleanála oibríochtúla nuashonraithe. I gcur chuige céimnithe, inscálaithe agus modúlach, cuirfidh EUAM RCA comhairle ar fáil ar leibhéal straitéiseach don Aireacht Gnóthaí Baile agus Slándála Poiblí agus d’Fhórsaí Slándála Inmheánaí Phoblacht na hAfraice Láir chun tacú lena gclaochlú inbhuanaithe ina soláthraí slándála níos comhleanúnaí, faoi úinéireacht náisiúnta agus i ndlúthchomhar le Toscaireacht an Aontais chuig Poblacht na hAfraice Láir, Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUMAM RCA) (*), MINUSCA, UNPOL, an tAontas Afracach agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta eile.

(*) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUMAM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).’;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh Stiúrthóir Bainistíochta Cheanncheathrú na nOibríochtaí Sibhialtacha (CivOpsHQ) ina Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha ar EUAM RCA. Beidh an CivOpsHQ ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun EUAM RCA a phleanáil agus a chur i gcrích.’;

(3) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 go 4:

‘2. Beidh an Ceann Misin freagrach as an dualgas cúraim in EUAM RCA a chomhall agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais is infheidhme maidir le EUAM RCA, i gcomhréir leis an mBeartas Slándála agus Dualgais Cúraim do Mhisin Shibhialtacha CBSC agus lena ionstraimí tacaíochta.

3. Tabharfaidh Ceann Slándála agus Sláinte cúnamh don Cheann Misin, agus tuairisceoidh an Ceann Slándála agus Sláinte don Cheann Misin agus beidh dlúthchaidreamh feidhmiúil aige le CivOpsHQ.

4. Cuirfear oiliúint slándála éigeantach ar phearsanra EUAM RCA sula rachaidh siad i mbun a gcuid dualgas, i gcomhréir leis an bPlean Oibríochtaí (OPLAN). Gheobhaidh siad oiliúint athnuachana rialta ar láthair na n-oibríochtaí freisin, rud a eagróidh an Ceann Slándála agus Sláinte.’;

(4) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Is é EUR 23 317 769,77 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM RCA a chumhdach don tréimhse ón 7 Samhain 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.’;

(5) in Airteagal 14(3), cuirtear 'EUMAM RCA' in ionad an ainm 'EUTM RCA';

(6) in Airteagal 17, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

'Tiocfaidh deireadh le sainordú EUAM RCA an 31 Lúnasa 2028.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON